



General Certificate of Secondary Education
2010–2011

Uimhir Lárionaid

71

Uimhir larrthóra

Eolaíocht: Teastas Dúbailte (Modúlach)

Orgánaigh Bheo agus Próisis na Beatha
Triail Deireadh Modúil

A

Bonnsraith

[GDA01]



DÉ CÉADAOIN 10 SAMHAIN 2010, IARNÓIN

AM

45 nóméad.

TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir larrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.

Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.
Freagair **gach ceann** den **dá cheist déag**.

EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Is é 50 an marc iomlán don pháipéar seo.


Léiríonn figíúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

Don Scrúdaitheoir amháin	
Uimhir Ceiste	Marcanna
1	
2	
3	
4	
5	
6	
7	
8	
9	
10	
11	
12	

Marc iomlán	
-------------	--

- 1 Bhreathnaigh Áine an chill seo trí mhicreascóp.

Scrúdaitheoir Amháin	Marcanna	Athmharc



(a) Lipéadaigh cuid **A** agus cuid **B** ar an léaráid. [2]

(b) Luaigh dóigh amháin a raibh a fhios ag Áine gur cill planda a bhí i gceist anseo.

[1]

(c) Luaigh feidhm atá leis an núicléas.

[1]

- 2 (a) Comlánaigh an tábla seo faoi vitimíní agus an fhoinsé atá acu san aiste bia.

Vitimín	Foinse
	Toradh citris
Vitimín D	

Scrúdaitheoir Amháin	Marcanna	Athmharc

[2]

- (b) (i) Ainmnigh an tástáil bia a d'úsáidfeá le brioscá a thástáil do shiúcra.


_____ [1]

- (ii) Cuir síos ar an toradh a gheofá dá mbeadh siúcra ann.

_____ [1]

3 Taispeánann an léaráid struchtúir a bhíonn i gceist in iompar plandaí.

Scrúdaitheoir Amháin	Marcanna	Athmharc



(a) An léaráid agus do chuid eolais féin in úsáid, ainmnigh:

(i) an cineál cille a ionsúnn uisce ón ithir;

_____ [1]

(ii) an fíochán a iompraíonn uisce suas an gas.


_____ [1]

(b) Má choinnítear an planda sa **dorchadas**, ainmnigh gás A a théann isteach sa duilleog trí na stómataí.

_____ [1]

- 4 “Inneall caite tobac” atá sa léaráid seo thíos.

Scrúdaitheoir Amhán	Marcanna	Athmharc



- (a) Ainmnigh an ceimiceán i ndeatach toitín a thugann ar an olann chadáis athrú go dath buí agus a d’fhéadfadh a bheith ina chuíos le hailse na scamhóg.

_____ [1]

- (b) Is lú ocsaigin a bhíonn á iompar san fhuil mar gheall ar caitheamh toitíní. Mínigh cad chuige.

_____ [2]

- (c) Seachas a bheith ina chuíos le hailse na scamhóg, luaigh dóigh amháin eile a ndéanann caitheamh toitíní dochar don chorp.

_____ [1]

- 5 Anseo thíos tá liosta de chéimeanna a bhíonn i gceist agus tástáil stáirse á déanamh ar dhuilleog.
Níl na céimeanna san ord ceart.

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc


Céim P: Cuirtear iaidín leis

Céim Q: Fiuchtar an duilleog in alcól

Céim R: Cuirtear an duilleog in uisce te le go mbeidh sí bog

Céim S: Fiuchtar an duilleog in uisce


- (a) Líon isteach na boscaí leis an ord ina ndéantar na céimeanna seo a chomhlánú.



- (b) Cad chuige a bhfiuchtar an duilleog in alcól (Céim Q)?

_____ [1]

- (c) Anseo thíos tá an chothromóid d'fhótaisintéis.



An glúcós a dhéantar, luaigh dóigh amháin a n-úsáideann an planda é.

_____ [1]

6 I ndíleá, bristear móilíní móra bia síos ina móilíní níos lú is féidir a ionsú.


Scrúdaitheoir Amhán	
Marcanna	Athmharc

- (a) Comhlánaigh an tábla thíos faoi fheidhm einsímí i ndíleá.

Einsím	Móilín mór bia	Móilín(i) beag(a) bia
Amaláis	Stáirse	Siúcra
Próitéáis	Próitéin	
Liopáis	Saill	

[3]

- (b) Taispeánann an léaráid villeas ó chóras díleáite an duine.



- (i) Ainmnigh an chuid den chóras díleáite ina bhfuil villis.


_____ [1]

- (ii) Mínigh an tábhacht a bhaineann leis na mílte villeas a bheith sa chuid seo den chóras díleáite.

_____ [2]

- 7 Taispeánann an graf athruithe ar na leibhéal ghlúcóis i bhfuil Mháire i ndiaidh di bricfeasta a ithe.

Scrúdaitheoir Amháin	Marcanna	Athmharc



- (a) Níor thosaigh an leibhéal glúcóis san fhuil ag méadú go ceann 15 nóiméad i ndiaidh do Mháire an bricfeasta a ithe. Cad chuide, dar leat?

[1]

- (b) Ainmnigh an hormón a thugann ar an leibhéal glúcóis san fhuil titim go dtí an gnáthleibhéal arís.


[1]

- (c) Luaigh dóigh amháin a dtugann an hormón seo ar na leibhéal ghlúcóis a bheith ag titim.

[1]

- 8 Is é an duán a rialaíonn méid an uisce sa chorp agus a bhaineann fuíoll ar shiúl ón fhuil.

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc



(a) Ainmnigh fuileadán **A**.

[1]

(b) Luaigh substaint amháin a mbeifeá ag súil leis a bheith ag leibhéal tiúchana is airde i bhfuileadán **A** i gcomparáid le fuileadán **B**.

[1]

(c) Cá háit a dtógtar an sreabhán in **C** lena stóráil go ceann tamaill?


[1]

9 Cealla, plasma agus pláitíní atá san fhuil.

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

(a) Tarraing líne amháin ó gach comhbáhar fola go dtí an fheidhm aige.

Tá ceann amháin déanta.



(b) Is é an t-artaire corónach a sholáthraíonn ful don chroí.


Is féidir go mbeidh taom croí ag duine mar gheall ar bharraíocht saill ainmhíoch a ithe. Mínigh cad chuige.

[3]

10 Taispeánann an léaráid thíos córas riospráide an duine.

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc



- (a) Cé acu litir, **A**, **B**, **C** nó **D** atá ag díriú ar bhroncas?

_____ [1]


- (b) Ainmnigh an próiseas trína dtéann ocsaigin ó na hailbheolais isteach san fhuil.

_____ [1]

- (c) Déan cur síos agus tabhair míniú ar mheicníocht an ionanálaithe (ag analú isteach).

[4]

- 11 Líon Pól 3 mhála feedánra Visking le tuaslagán de shiúcra caol mar a thaispeánann an léaráid. Tá feedánra Visking tréscailteach go roghnaitheach. Ansin, chuir sé mála amháin i ngach ceann de na 3 eascra A, B agus C.
- Bhí uisce i gceann amháin de na heascraí, bhí tuaslagán caol siúcra i gceann eile acu agus bhí tuaslagán tiubhaithe siúcra sa cheann eile.



I ndiaidh do Phól na málaí a mheá, d'fhág sé sna heascraí iad go ceann uair an chloig. Bhain sé na málaí amach ansin, thriomaigh sé an farasbarr leachta ar an taobh amuigh agus mheáigh sé arís iad. Tá na torthaí sa tábla seo thíos.

Eascra	Mais an mhála feedánra Visking ar dtús/g	Mais an mhála feedánra Visking i ndiaidh uair an chloig/g	Athrú sa mhais/g
A	10.0	14.9	+4.9
B	10.0	10.0	0
C	10.0	6.4	-3.6

- (a) Agus na torthaí in úsáid agat, faigh amach cén sreabhán a bhí i ngach ceann de na heascraí. Scríobh litir an eascra chirt sa bhosca chuí.

Tuaslagán tiubhaithe siúcra – eascra

Tuaslagán caol siúcra – eascra [2]

- (b) Mínigh cad chuige ar tháinig méadú ar mhais an fheadánra Visking in eascra A.

[3]

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

- 12 (a) Ainmigh an cineál de mhiocorgánach atá ina chúis leis an ghalar
borrphéist choise.

[1]

Scrúdaitheoir Amháin	Marcanna	Athmharc

- (b) Cuir síos ar an dóigh a gcosnaíonn an corp é féin ar bhaictéir atá i ndiaidh dul isteach i sruth na fola.

[3]

[3]

SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh
sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.